**PREASÉISIÚINT Uimh. 177/22**

**Lucsamburg, an 8 Samhain 2022**

Breithiúnas na Cúirte i gcásanna uamtha C-704/20 agus C-39/21 | Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú *ex officio* ar choinneáil)

# Ceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta dlíthiúlacht birt coinneála a dheimhniú dá tionscnamh féin i gcás náisiúnach eachtrach nach bhfuil cónaí dleathach air nó iarrthóir tearmainn

*Fágann dlí an Aontais[1] go bhfuil glacadh birt coinneála, nó coimeád faoi choinneáil, i gcás náisiúnach eachtrach a chuir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach nó a bhfuil cónaí air go neamhdhleathach ar chríoch Bhallstáit, faoi réir sraith coinníollacha dlíthiúlachta a chomhlíonadh.*

Chuir náisiúnaigh de chuid na hAilgéire, Mharacó agus Siarra Leon in aghaidh beart coinneála a glacadh ina gcoinne os comhair chúirteanna éagsúla na hÍsiltíre.

D'fhiafraigh Comhairle Stáit na hÍsiltíre agus Cúirt Dúiche na Háige, ina suí in 's-Hertogenbosch, den Chúirt Bhreithiúnais an gcuireann dlí an Aontais ceangal ar na cúirteanna scrúdú a dhéanamh dá dtionscnamh féin ar aon mhainneachtain coinníoll dlíthiúlachta birt coinneála nár ardaigh an duine lena mbaineann a chomhlíonadh.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, meabhraíonn an Chúirt, i dtús báire, gur cur isteach tromchúiseach é ar cheart chun saoirse an náisiúnaigh tríú tír sin atá cumhdaithe in Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an náisiúnach sin a choinneáil ar chaoi ar bith, bíodh sin i gcomhthéacs nós imeachta um fhilleadh mar thoradh ar fhanacht neamhdhleathach, próiseáil iarratais ar chosaint idirnáisiúnta nó aistriú iarrthóra ar chosaint den sórt sin chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas.

Dá bhrí sin, i gcás ina ndealraíonn sé nár comhlíonadh nó nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha maidir le dlíthiúlacht na coinneála, ní mór an duine sin a scaoileadh láithreach. Is amhlaidh an cás go háirithe i gcás ina bhfaightear amach nach le gach dícheall cuí a chuirtear i ngníomh an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó an nós imeachta aistrithe, de réir mar a bheidh, nó nach bhfuil sé, nó nach bhfuil sé a thuilleadh, comhréireach.

Tugann an Chúirt le fios ansin, maidir le heachtrannaigh a choinneáil, nach é nach ndearna reachtóir an Aontais ach caighdeáin shubstainteacha chomhchoiteanna a leagan síos, ach thug sé isteach, in ainm phrionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí, rialacha nós imeachta coiteanna freisin, arb é is cuspóir dóibh a áirithiú gurb ann, i ngach Ballstát, do chóras lena gceadaítear don údarás breithiúnach inniúil, i gcás inarb iomchuí tar éis scrúdú *ex officio*, an duine lena mbaineann a scaoileadh saor a luaithe is dealraitheach nach bhfuil a choinneáil dleathach, nó nach bhfuil a choinneáil dleathach a thuilleadh.

[1] Go háirithe, Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2008, L 348, lch. 98), agus Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, maidir le caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO 2013, L 180, lch. 96), arna léamh i gcomhar le hAirteagail 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha (ceart chun saoirse).

Dá bhrí sin, ní mór don údarás breithiúnach inniúil, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht birt coinneála, an fhaisnéis go léir a chur san áireamh, go háirithe faisnéis fhíorasach, arna cur in iúl dó, arna forlíonadh nó arna soiléiriú i gcomhthéacs bearta nós imeachta a mheasann sé a bheith riachtanach a ghlacadh ar bhonn a dhlí náisiúnta, agus, ar bhonn na faisnéise sin, sárú maidir le coinníoll dlíthiúlachta a thagann ó dhlí an Aontais a shainaithint, fiú mura mbeadh an sárú sin ardaithe ag an duine lena mbaineann. Tá an oibleagáid sin gan dochar don oibleagáid atá ar an údarás breithiúnach sin, cuireadh a thabhairt do gach páirtí a thuairimí a chur in iúl maidir leis an gcoinníoll sin i gcomhréir le prionsabal na sáraíochta.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán na mbreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3555

Is féidir íomhanna d’fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

**Bígí nasctha!**